

Moving Europe towards a sustainable and
safe railway system without frontiers.

Glaó ar Iarratais do phost mar Riarthóir (Oifigeach Buiséid) san Aonad um Árachas Corparáideach agus Feidhmíocht (CAP)

*Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD5) – d'fhonn liosta ionadaithe a
bhunú – ERA/AD/2023/002-OPE*

I - SAINCHUNTAS POIST

Beidh an sealbhóir poist ag obair san [Aonad CAP](#), faoi fhreagracht Cheann an Aonaid (HoU). Comhlíonfar na cúraimí agus na freagrachtaí uile agus lánurraim á tabhairt d'fhorálacha Rialachán na Gníomhaireachta agus Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta.

Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:

- › **Le linn chéim phleanála an bhuiséid:**
 - › Comhordú a dhéanamh ar ullmhú an ionchuir don Ráiteas Meastachán N+2 agus buiséid N+1, i gcomhréir iomlán leis an gclár oibre comhfhreagrach (Doiciméad Clársceidealaithe Aonair);
 - › Sonraí a ionchódú do na hiarratais buiséid i gcóras an Choimisiúin Eorpaigh (CE);
 - › Réamhaisnéis an bhuiséid a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach, de réir factóirí inmheánacha agus seachtracha;
 - › A áirithiú go gcuirfear struchtúr cuí an bhuiséid i bhfeidhm sa chóras airgeadais agus an struchtúr sin a chothabháil de réir éabhlóid na riachtanas.
- › **Le linn chéim chur i bhfeidhm an bhuiséid:**
 - › Inscríobh an bhuiséid sa chóras airgeadais a áirithiú;
 - › Faireachán a dhéanamh, lena n-áirítear trí dheaiseanna buiséid a fhorbairt go cuí agus trí chumarsáid a dhéanamh leis na hOifigigh Údarúcháin/Oifigigh Údarúcháin trí Tharmligean, ar fhorghníomhú an bhuiséid do bhliain N; ionchur tráthúil agus cruinn a ullmhú, ar an mbonn sin, do CAP HoU chun Cruinnithe Athbhreithnithe Buiséid a reáchtáil le Bainistíocht na Gníomhaireachta;
 - › Obair leantach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a cinneadh ag na Cruinnithe Athbhreithnithe Buiséid;
 - › Comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas chun aistrithe buiséid a thionscnamh, agus urraim chúil á tabhairt do na forálacha agus do na tairseacha a luaitear i Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta; aon dréachtchinntí gaolmhara a ullmhú do Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta; cuntas láraithe a choinneáil ar na haistrithe buiséid go léir, de réir cineáil;
 - › Comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas chun buiséid leasaitheacha a thionscnamh, nuair is gá;
 - › An cleachtadh atá le tabhairt ar aghaidh chuig an mbliain nua a ullmhú agus a áirithiú go ndúnfar an buiséad ag deireadh na bliana.

- › **Chun críocha tuairiscithe agus iniúchta buiséid:**
 - › Comhordú a dhéanamh ar ullmhú aon chineál tuairiscithe/mínithe buiséid a iarrann an Fhoireann Bainistíochta, an Bord Feidhmiúcháin/Bainistíochta, CE, Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, Parlaimint na hEorpa etc.;
 - › Rannchuidiú leis an tuarascáil ar bhainistiú buiséad agus airgeadais na Gníomhaireachta.
- › **Cúraimí agus freagrachtaí eile:**
 - › Doiciméadú próisis cuí a choinneáil maidir leis na próisis uile a bhaineann leis an mbuiséad;
 - › Comhairle a chur ar fáil ar ábhair a bhaineann leis an mbuiséad d'aonaid maidir le cur i bhfeidhm an bhuiséid, agus seisiúin oiliúna a thabhairt maidir le bainistiú buiséid agus próisis ghaolmhara, ar iarratas;
- › Aon chúraimí eile atá nasctha leis an mbuiséad (cibé acu go díreach nó go hindíreach), de réir chuspóirí an Aonaid.

II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann gach ceann de na critéir incháilitheachta seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratais a chur isteach:

1. Riachtanais ghinearálta:

- › A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach¹ nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua);
- › A bheith i dteideal a cheart iomlán/a ceart iomlán mar shaoránach;
- › Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici²;
- › Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh³;
- › A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh⁴;
- › Eolas an-mhaith a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil⁵ de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile⁶ de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- › A bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina mbainfidh an ball foirne 66 bliana d'aois amach⁷.

2. Cáilíochtaí íosta:

- › Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú ag dioplóma sa chás gurb é **3 bliana** an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile;

¹ Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh : An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.

² Más infheidhme

³ Sula gceapfar é/i, ní mór don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi teastas a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon tairfead coiriúil aige/aici

⁴ Sula gceapfar é/i, cuirfean ar t-iarrthóir rathúil faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Ghníomhaireacht lena dheimhniú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais Airteagal 13 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.

⁵ Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do leibhéal C1 mar a shainítear í i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) <http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

⁶ Eolas ar an dara teanga oifigiúil AE agat a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear í i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR)

⁷ Féach Airteagal 52 (a) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le Gníomhairí Sealadacha de réir analaí, Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.

NÓ

- › I gcás ina mbeidh údar maith leis, ar mhaithe le leas na seirbhíse, oiliúint ghairmiúil ar leibhéal coibhéiseach.

Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna n-eisiúint ag údaráis na mBallstát AE nó ag údaráis in LEE (Limistéar Eorpach Eacnamaíoch) agus le cáilíochtaí atá aitheanta mar cháilíochtaí coibhéiseacha ag údaráis ábhartha na mBallstát AE nó ag údaráis ábhartha in LEE.

III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil i gcoinne **critéir roghnúcháin**. I gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir roghnúcháin, ní dhéanfar iad a eisiamh láithreach as an roghnú.

Na **critéir roghnúcháin** a úsáidtear chun iarratais na n-iarrthóirí a mheasúnú:

- › Staidéar ollscoile i réimse na hEacnamaíochta nó an Airgeadais nó na Cuntasaíochta nó an Riaracháin Ghnó nó na hInnealtóireachta Tráchtála;
- › Taithí ghairmiúil ábhartha 3 bliana ar a laghad (tar éis an dioplóma a bhaint amach) a bhaineann leis na cúraimí agus leis na freagrachtaí atá liostaithe sa sainchuntas poist (pleanáil bhuiséid, cur i bhfeidhm bhuiséid, faireachán agus tuairisciú buiséid, iniúchadh buiséid);
- › Taithí chruthaithe 2 bhliain ar a laghad ar shonraí buiséid a bhailiú/a ullmhú/faireachán a dhéanamh orthu agus ar dheaiseanna buiséid a úsáid;
- › Taithí chruthaithe ar rialacha airgeadais a chur i bhfeidhm, más féidir maidir le Rialachán Airgeadais an AE;
- › Eolas cruthaithe ar struchtúr an bhuiséid, is é sin an ceann a úsáideann institiúidí an AE, más féidir;
- › Eolas cruthaithe ar chóras airgeadais an CE (ABAC, SUMMA) nó ar aon chóras airgeadais comhchosúil (córas ERP);
- › Taithí chruthaithe ar obair a dhéanamh i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus/nó ilchultúrtha;
- › Eolas an-mhaith ar Bhéarla⁸ (leibhéal C1);
- › Eolas maith ar Fhraincis⁹ (leibhéal B2).

Ní mór don iarrthóir an cur síos is beichte is féidir a dhéanamh san fhoirm iarratais ERA maidir leis na cáilíochtaí oideachais/acadúla agus an taithí ghairmiúil atá aige nó aici.

Is iad na hiarrthóirí sin amháin a bhainfidh amach 60% ar a laghad de na pointí iomlána a bhronntar do na critéir roghnúcháin a chuirfear san áireamh agus a dtabharfar cuireadh chun freastal ar agallamh agus ar thriail scríofa dóibh.

⁸ De thairbhe gurb é Béarla teanga oibre na Gníomhaireachta, tá leibhéal C1 ar a laghad (sa 3 réimse; Labhairt, Scríobh agus Tuiscint) i mBéarla ag teastáil

⁹ De thairbhe gur teanga ábhartha chumarsáide í Fraincis le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha sa réimse airgeadais, tá leibhéal B2 ar a laghad (sa 3 réimse; Labhairt, Scríobh agus Tuiscint) i bhFraincis ag teastáil

IV – AGALLAMH AGUS TRIAIL SCRÍOFA

Iarrthóirí a roghnófar chun freastal ar chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha agus triail scríofa, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na gcritéar a leanas:

1. Don agallamh:

- › Spreagadh;

Sainscileanna gairmiúla:

- › An cumas cumarsáid a dhéanamh i mBéarla (mar úsáideoir inniúil ar leibhéal C1) agus i bhFraincis (mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2);
- › Eolas ar phróisis maidir le buiséid a phleanáil, a chur i bhfeidhm, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu.

Scileanna boga (ní mheastar iad seo ach san agallamh amháin):

- › Scileanna láidre réitigh fadhbanna agus eagrúcháin;
- › Cumas cruthaithe maidir le hobair a dhéanamh mar bhall d'fhoireann agus i dtimpeallacht ilchultúrtha;

2. Don triail scríofa:

- › Eolas ar phróisis maidir le buiséid a phleanáil, a chur i bhfeidhm, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu;
- › An cumas faisnéis a bhaint as na sonraí buiséid atá ar fáil agus achoimre a dhéanamh uirthi, lena n-úsáid tuilleadh i gcinntí bainistíochta agus chun críocha cumarsáide;
- › An cumas cuidiú le hanailís a dhéanamh ar shaincheisteanna casta airgeadais agus réitigh iomchuí a mholadh;
- › Inniúlacht maidir le húsáid a bhaint as feidhmchláir chaighdeánacha oifige MS.

Is mar seo a leanas a chinntear na scóir i leith na n-agallamh agus na trialach scríofa:

- | | | |
|--------------------------------------|------------------|--|
| › An scór iomlán don agallamh: | 40 pointe | An scór íosta chun pas a ghnóthú: 24 pointe (60%) |
| › An scór iomlán don triail scríofa: | 60 pointe | An scór íosta chun pas a ghnóthú: 36 pointe (60%) |

Ní dhéanfar measúnú ar thriail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach ngnóthaítear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh.

Chun measúnú a dhéanamh ar an eolas maith atá agat ar Fhraincis, tabhair do d'aire go gcuirfear ceist amháin sa teanga sin. Táthar ag súil go bhfreagróidh iarrthóirí i bhFraincis.

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil le linn an agallaimh ar do chumas cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga AE atá agat. De thairbhe gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, eiseofar aon duine ón roghnúchán mar gheall ar mhainneachtain leibhéal sásúil sa dara teanga AE a chruthú.

<i>IV – ACHOIMRE</i>	
<i>An Gníomhaireacht:</i> Cliceáil anseo chun cur síos a fháil ar an nGníomhaireacht agus ar a heintitis i dteangacha éagsúla an AE	
<i>Dáta foilsithe:</i> 16/03/2023	<i>Spriocdháta le haghaidh iarratas:</i> 14/04/2023 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes)
<i>Cineál conartha:</i> Gníomhaire Sealadach2(f) <i>Feidhmghrúpa agus grád:</i> AD5	<i>Áit fostaíochta:</i> Valenciennes, an Fhrainc
<i>Fad an chonartha:</i> 4 bliana agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse chinnte nach faide ná 2 bhliain. Má dhéantar é a athnuachan don dara huair, is conradh éiginnte a bheidh i gceist	<i>Buntuarastal míosúil:</i> EUR 5 361.87 ag céim 1 le fachtóir ualaithe de 16.8% (ó 01/07/2022 ar aghaidh) móide liúntais shonracha nuair is infheidhme
<i>Ní mór iarratais a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an mbosca ríomhphoist a leanas:</i> jobs@era.europa.eu go dtí an 14/04/2023 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes) ar a dhéanaí	<i>Liosta ionadaithe:</i> Cuirfear na chéad 10 (líon táscaigh) n-iarrthóirí ar an liosta ionadaithe, rud a bheidh bailí go dtí: 14/04/2025, a bhféadfaí síneadh ama a chur leis
<i>An nós imeachta iarratais:</i> cliceáil anseo	<i>An nós imeachta roghnúcháin:</i> cliceáil anseo
<i>Nósanna imeachta achomhairc agus gearáin:</i> cliceáil anseo	<i>Cosaint sonraí:</i> cliceáil ar Chosaint Sonraí Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (europa.eu) agus scrolláil síos chuig an gcuid “Foireann na Gníomhaireachta (TA, CA, SNE agus oiliúnaithe) a roghnú agus a fhostú”